

A Chathaoirligh agus a Chomhaltaí an Choiste,

Oonagh Buckley is ainm dom. Ceapadh mé le déanaí i mo Chathaoirleach Eatramhach ar an mBord Pleanála. I mo chuideachta anseo tá Bríd Hill Uasal, Príomhoifigeach, agus an tUasal Gerard Egan, Stiúrthóir Gnóthaí Corparáideacha.

Leis an Dréacht-Bhille um Pleanáil agus Forbairt, 2022 atá á bhreithniú agaibh anseo inniu, tiocfaidh athruithe bunúsacha ar struchtúir, ar chórais agus ar phróisis an Bhoird Pleanála.

Mar sin féin, is é an phríomhfheidhm chéanna i gcónaí a bheidh ag an mBord Pleanála nuair a dhéanfar na hathruithe a bheartaítear: a bheith ina chomhlacht neamhspleách achomhairc maidir le hiarratais phleanála agus ina chomhlacht cinnteoireachta maidir le tograí móra bonneagair, idir phoiblí agus phríobháideach, ar tír mór agus inár dtimpeallacht mhuirí. Tá an méid sin ag teacht le ceann de na príomhthéamaí atá ina mbonn taca ag an bpíosa reachtaíochta: a chinntiú go gcoinneofar le príomhghnéithe an chórais phleanála, mar a leagtar amach iad sa reachtaíocht ó 2000, agus féachaint chuige an tráth céanna go gcuirfear feabhas ar na codanna sin den dlí ar gá iad a thabhairt cothrom le dáta.

Ar an gcéad dul síos, fáiltíonn an Bord roimh an athbhreithniú seo agus roimh an gcuíochóirí atá á dhéanamh ar an reachtaíocht, atá éirithe místuama le himeacht na mblianta dar linn go léir, is dócha. Cé go mbeidh sé níos fusa teacht ar an reachtaíocht nua agus í a thuiscint, is dual don phróiseas phleanála a bheith an-chasta, agus ní mór cothromaíocht chúramach a bhaint amach idir cearta a bhíonn ag teacht salach ar a chéile. Tá méadú tagtha ar líon na saincheisteanna agus na mbeartas nach mór a bhreithniú i gcomhthéacs achomharc nó iarratas chuig an mBord, agus ní ag dul i laghad a bheidh siad.

Beartaítear sa bhille athruithe nach beag a dhéanamh ar rialachas inmheánach na heagraíochta agus ar a ceannaireacht, agus ‘An Coimisiún Pleanála’ a thabhairt mar ainm nua uirthi. Leis an mbille seo, cuirfear struchtúr inmheánach na heagraíochta in oiriúint do shamhail nua-aimseartha rialachais agus oibriúcháin, agus déanfar soiléiriú níos fearr ar ról na ndaoine a bhíonn ag obair ar fud na heagraíochta agus ar na nósanna imeachta i dtaobh cinntí a dhéanamh faoi chomhaid phleanála. Nuair a áirítear leis sin an acmhainn mhéadaithe atá curtha in iúl ag an Rialtas a bheidh riachtanach, neartófar an Coimisiún agus a shainordú lárnach á chur i gcrích aige.

Beidh ról an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus an Phríomh-Choimisinéara á scaradh óna chéile, rud a chuideoidh leis an mbeirt sin a gcúraimí a chur i gcrích – tá sé tugtha faoi deara agam gur mór an dúshlán iad na cúraimí sin nuair is ar aon duine amháin a leagtar iad. Táimid tar éis dul i gcomhairle le lucht déanta beartas sa Roinn cheana féin lena chinntiú, go háirithe, go bhfuil soiléireacht ann maidir le húdarás bainistíochta san eagraíocht nua agus gur féidir an Coimisiún nua a reáchtáil go héifeachtach, dúthrachtach agus cinntí dea-réasúnaithe á n-eisiúint go tráthúil aige. Tá sé i gceist againn coinneáil orainn á phlé sin leo.

I gcás go leor de na hathruithe a bheartaítear sa Bhille, tá sé curtha in iúl don Bhord cheana féin gur cinn riachtanacha iad, mar a shonraítear sa dá thuarascáil ó Oifig

an Rialtóra Pleanála, agus i bPlean Gníomhaíochta an Aire. Tá mé féin agus comhghleacaithe liom ar an mBord ag obair go gníomhach chun na hathruithe a thagann faoi shainchúram an Bhoird a chur i bhfeidhm, rud a chuideoidh linn an eagraíocht a ullmhú i gcomhair na n-athruithe níos forleithne a thabharfar isteach leis an mBille.

Ar cheann acu sin tá tabhairt isteach cód iompair athbhreithnithe faoi alt 150 d'Acht na bliana 2000. Mar atá amhlaidh i gcás an Bhoird, cinntítear leis an mBille go mbeidh ar an gCoimisiún nua Cód Iompair a ghlacadh lena n-áireofar féachaint go cúramach le coinbhleachtaí leasa a sheachaint, i measc na foirne agus ina measc siúd a dhéanann cinntí ríthábhachtacha maidir le hachomhairc phleanála agus iarratais phleanála.

Leis an mBille, cuirfear tréimhsí ama éigeantacha i bhfeidhm thar raon na gcinntí a dhéanfaidh an Coimisiún nua. Táimid tosaithe ag dul i gcomhairle leis an Roinn maidir le conas cruth a chur ar na tréimhsí ama sin, agus muid ag féachaint le leas a bhaint as an bhfianaise ón mBord i ndáil leis an achar ama a bhíodh ag teastáil san am atá caite chun cinntí a dhéanamh faoi na tionscadail éagsúla a thagann faoi bhráid an Bhoird lena mbreithniú.

Toisc gur seirbhís phoiblí é, ní mór don Choimisiún nua a bheith chomh héifeachtach agus is féidir ina chuid oibríochtaí. Mar phrionsabal ginearálta, is gnách go n-oireann an tréimhse 18 seachtaine, tréimhse atá ina sprioc ag an mBord le fada an lá, do ghnáthchásanna nó do chásanna nach bhfuil casta. Os a choinne sin, is é fírinne an scéil é go dteastaíonn achar ama níos faide i gcás achomhairc agus iarratais a bhaineann le forbraíochtaí móra casta. I gcás roinnt forbraíochtaí, amhail cinn a ngabhann éifeachtaí níos casta leo, beidh gá le tuilleadh faisnéise a chur isteach nó le héisteacht ó bhéal chun léargas a fháil ar raon iomlán na dtorthaí a bheadh ar an tionscadal atá beartaithe. Gné de na cásanna sin is ea é go dtógann siad níos faide ná na tréimhsí ama atá leagtha síos. Go deimhin, le blianta beaga anuas, agus é ag feidhmiú gan riaráiste cásanna, níor chloígh an Bord leis an tréimhse chaighdeánach ama in 100% de na cásanna.

Athruithe níos simplí atá i gceist le cinn eile, ar nós athbhreithniú a dhéanamh ar a mhéid a chaithfidh an Bord na cúiseanna go léir is bonn le cinneadh a shonrú, seachas díreach na príomhchúiseanna, agus, nuair a bhíonn tuilleadh faisnéise á lorg ag an mBord, an próiseas sin a ailíniú le próiseas na n-údarás pleanála, sé sin 'an clog a stopadh', rud a chabhróidh leis an mBord freisin cinntí stuama a dhéanamh agus é ag cloí leis na tréimhsí ama a leagtar síos.

Chuipe sin, ní mór don Rialtas dóthain acmhainní a chur ar fáil don Choimisiún, trína chinntiú go mbeidh an fhoireann sách mór agus go ndéanfar Coimisinéirí a cheapadh go tráthúil.

Fágann sé sin go bhfuil ceist le freagairt: an cur chuige trína n-íoctar fíneálacha ón sparán poiblí le forbróirí, an é sin an bealach is fearr chun déileáil le moill, nó an bhfuil bearta éifeachtacha eile ann a d'fhéadfaí a dhéanamh lena chinntiú go mbeidh an Coimisiún nua ag cloí leis na tréimhsí ama a leagtar amach dó i bhformhór na gcásanna agus go mbeidh a lucht bainistíochta freagrach as féachaint chuige gur mar sin a bheidh? Beidh plé leanúnach eadrainn féin agus an Roinn i dtaobh conas an

chuntasacht sin a bhaint amach.

Beartaítear sa Bhille athruithe éagsúla a dhéanamh ar phróiseas an athbhreithnithe bhreithiúnaigh. Toisc gurb é an Bord a dhéanann an cinneadh críochnaitheach i gcás cinní pleanála, bhí borradh faoin ngníomhaíocht a rinne an Bord sa réimse áirithe sin le roinnt blianta anuas. Níl breithiúnas á thabhairt againn ar mhionsonraí na dtograí sin, ach fáiltímid roimh chuspóir na dréacht-reachtaíochta, is é sin ailíniú níos daingne a dhéanamh ar bheartas agus treoir ar an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal áitiúil, agus roimh an deis atá ann aghaidh a thabhairt ar mhionábhair theicniúla nó mionábhair a bhaineann leis an nós imeachta in ionad gá a bheith le hathbhreithniú breithiúnach.

Ba mhaith liom a thabhairt ar aird go bhfuil sé ar intinn ag an mBord ar aon nós cur leis an acmhainneacht atá aige i dtaobh rialuithe cúirte a bhainistiú agus freagairt dóibh, trí dhíriú ar fhoghlaim ó rialuithe a tugadh san am a chuaigh thart agus trí thacaíocht mhéadaithe ó dhaoine nua a cheapfar, ón eagraíocht féin agus ó lasmuigh di. Is é an phríomhfhreagairt atá againn ar dhúshlán an athbhreithnithe bhreithiúnaigh ná a chinntiú go mbeidh na cinní a dhéanfaidh an Coimisiún stuama, go mbeidh siad dea-réasúnaithe agus go mbeidh siad chomh cuimsitheach agus is gá. Tógann sé sin am, ach ní am amú a bheidh ann má fhágann sé nach gá a oiread cásanna a thabhairt os comhair na cúirte dá bharr.

Tá roinnt saincheistanna próiseála mionsonraithe sa dréacht-Bhille freisin a mbeidh an Bord ag dul i gcomhairle leis an Roinn ina dtaobh, ag tarraingt ar an taithí atá aige ar Acht na bliana 2000, arna leasú, a chur i bhfeidhm. Bainfidh tábhacht ar leith le féachaint chuige go mbeadh an raon cumhachtaí a theastaíonn ag an gCoimisiún chun cinní tráthúla, stuama a dhéanamh.

Is eagraíocht muid atá ar an bhfód ó na 1970idí, eagraíocht a bhfuil a féiniúlacht agus a cultúr láidir féin aici agus a mbíonn deacrachtaí seasta aici ó thaobh ualach oibre de, agus mar sin beidh dúshlán le sárú ag baill foirne uile an Bhoird maidir le dul in oiriúint don chóras nua. Is cúram é sin, áfach, a bhfuilimid go léir ag tnúth le tabhairt faoi sna míonna amach romhainn.

Go raibh maith agaibh.